

EANAIR

Crioslach na firmiminte

1927		Mí Eanair
1929		Mí Eanair
1931	6	Riabhóg- bealaigh- ceol
1932	9	meanglán
	15	peilibíní
	18	gealbhán bhuidhe
x 25		ceol éan
1933	18	lon abhainn
	30	éanacha agus an leaghadh
1934	21	smolach ceoil seacht mbliain in aon bhall
1935	27	Crotaigh ag fátailt.

Cnapán dubh

Cloigne dubha

Saighdiúirí.

Ganntanas beathadh an cruatan is mó a airigheas éanlacha i lár an gheimhridh, agus ina dheireadh, go mór mór na gealbháin, a bhfuil a seasamh ar na síolanna feadháine. Lobhann sioc agus an fliuchán crothail agus faithneoga an tsíl, go sgaoiltear an síol le gaoth agus le silteán. Sí an cruach fhéir, amuich sa bpáirc in stóras síl a sheasas do na gealbháin san am seo. Fásann cnapcín dubha agus fóthanáin go tiugh ins an moinfhéar ar cholbha na móna. Do réir mar bhíos an chruach dá hídú ag na caoirigh, fágann siad an salachar ina ndiadh. Gobann fochanán agus cnapán amach, ar thaobh na cruaiche. Cruinnigheann na gealbháin ar an gcruaich agus réabann na crothail de chnapán is d'fhochanán go n-itheann a sháth. Lasracha coille is mo a chíféa, ar an gcruach féir, ar cholbha na móna, mar said is mó atá tugtha, don tsíol fiadháin, de na gealbháin.

Ní lia éan ná nós beathadh. Tugann na siocáin agus na deargáin na páirceanna glasa orthu féin a chuartú feola – péisteanna, deargan agus lámha fuara agus daola. Preabann na siocáin leo, i n-éinfheacht gan sgaipeadh abhfad óna chéile, agus bíonn na deargáin ar folruamhain, ar fud na páirce. Is maith leis an dá chinéal seo, toradh na sgeach, sgeachóirí, caora agus toradh an eidhin.

Is ar na druideacha a bhíos an sgodal oibre sa bpáirc ghlais, agus iad ag ithe go hamplach, má bhíonn b.

Is beagnach dtugann an ealta mhóir, dhá thaobh na páirce leo, tá said chómh líonmhar agus chomh ocrach. Tabhair faoi deara an chaoi a gcoinnigheann said, le chéile agus a siubhlann said, ar aghaidh agus súil ag gach éan, ar thosach na healta, ar fhaitíos go mbeadh solamar

fáighthe ag na h-éanacha tosaigh. Éanacha amplacha iad, a itheann gach péist, daol, míoltóg dá mbíonn le feicéal sa bhféar agus na huibheacha a bhíos a fanacht go ngoraidh an ghréin iad. Is amhlaidh a ghluaiseann deargán agus siocán smól agus lon de phreabann, agus is uaisle an ghluaiseacht í, ná an bogudaighil a ghníos an druid.

(Chuir Seán Ó Neachtáin "An truideog is an siocán go comhangnach a léimnigh", ach mara mbíonn deifir ar an druid, ní ghluaiseann sí de léimeanna).

Ní thaobhuigheann siocán ná deargán leic na fuinneoige. Tá siad ró-choimhthigheach, ach tiocfa smólach agus lon agus druideacha ag ithe ar an leic, nó ar an mbord má bhíonn bord dóibh. Tiocfaidh said i n-éinfeacht le spideog agus meanntáin agus gealbhán. Má chuirir beathadh ar leic na fuinneoige, do na héanacha, lá seaca nó sneachta, chífidh tú, carthannas na n-éan le chéile agus a n-eascarthannais freisin. An t-ochtmhaid lá de mhí Eanáir, bhí luin go leor againn ar cuairt, coiligh agus cearca.

D'fhanfadh lon circe agus lon coiligh i n-éinfeacht, ag ithe ar an leic, ach ní fhulaingeochadh lon coiligh lon coiligh eile. Bhíodh na coiligh de shíor ag troid le chéile. Péire druid a bhí ag teacht ó thus an gheimhridh, d'fhanaidís ar an leic i n-éinfeacht, ach is minic a thigeadh ceithre cinn eile nó cúig cinn. An uair a thigeadh, bhíodh troid idir iad agus an péire eile. Bhí sean-aithne againn ar druid de'n péire mar gníodh sé aithris ar fheadghail an chrutaigh. Thigeadh sgata gealbhán binne ar an leic agus d'ithidís a gcuid gan giolcadh ná siosgadh. Ní raibh tnúthán ag na héanacha beaga le chéile. Bhíodh spideog, meanntán gorm agus gealbhán cátha ar an leic i n-éinfeacht. Ní bhíodh faitíos ar an spideog roimh lon ná druid, ach ní raibh muinghin ar bith ag na héiníní eile as na druideacha. 'Sé an meanntáin mór a chuireas eagla ar an spideoig.

Tuigeann an spideog gurbh é is millteannaighe, ar fad de na héanacha beaga. Is aige atá an gob is láidre, gob a phléasgfadh cloigeann spideoige, le aon bhuille amháin.

An dá luath is d'fheiceadh sí an meanntáin mór chuig an leic, ghreadadh sí féin léithe. Ní bhacadh londubh agus smólach le chéile ar an leic. Ní bhíodh fáilte roimh na druideacha ag an leic, ná smólach ach ba chuma leis na druideacha iad go léir, ní choinneochadh aon rud ón mbeatha iad. Nuair a d'ísligh na druideacha ar an leic, uair bhí londubh rómpa agus smólach, phreab an smolach ar aghaidh druide, agus d'fhosgail a gob ach sheas an druid fód. Bhí an smólach a smeachadh le na ghob, dá fhosgail is dá dúnadh, agus bhí gach sgréach, le clos istigh sa seomra againn. Rinne an londubh an rud céadna, ach níor fhéad said ruaig a chur ar na druideacha, a bhí ag ithe go hamplach.

Caitheann smólach agus lon a gcuid go réidh múinte, nuair a bhíos siad ar an mbord nó ar leic na fuinneoige. Tógfaidh an meanntán gorm giota leis go n-ithidh sé ar a shuaimneas é. Thóg smólach giota aráin leis, giota a bhí ró-mhór le n-a shloghadh i n-éinfeacht. D'ísligh sé faoi chrann ar an talamh, ach ní túsge a sgaoil sé leis an ngiota ná bhí sé sgiobtha, ag cathóig. Ní minic a thugann smólach giota leis mar sin. Dhéanfaidh meantáin é agus an gealbhán cátha agus na préacháin, ach ní fhacas an spideog dhá dhéanamh ariamh. Ní thaobhaigheann an gealbhán cuilinn an bord, ná an leic, ach go hannamh agus ní tuisce leis an riabhóig (G. claidhe) é ná leis an dreoilín.

Is amhlaidh nach mbíonn beatha fheileamhnach again dóibh? Cuartuigheann an dreoilín, faoi na tomacha, an bheatha a fheileas dó agus bíonn an riabhóg (buachaill an dreoilín) dá leanacht thart go minic. Meallann an sluagh éan chuca, ar an mbord, an péire seo go minic agus bíonn said sásta leis an mionradh a thuiteas ó na h-éanacha eile.

Fanann an meanglán bheag ar na crainnte, ní mheallfadh giolcadh na healtan is mó é. Bíonn sé air aige cairt an chrainn a cuartú go mion an t-am seo dhe bhliain, mar ní bhíonn an tseilg go maith. Thugas faoi deara é greamuighthe, de bhun an chrainn, ar an gcéad lá. Ghluaiseacht an-mhall faoi, tar éis dó a dhul suas, trí troighthe. D'ísligh sé arís i ndiadh a earbaill, gur chuartuigh sé an chairt ath-uair.

Is cosmhaill go bhfuil fuinneamh ins an ngob caol atá aige, mar bhí sé ag stróiceadh agus ag réabadh an chaonaigh den crann go tiugh. Is iomdha síolraide a fuair sé faoi'n gcairt a raibh, feistiú lá is bliain orthu. Nuair a bhíos cairt an chrainn dá cuartú aige, coinnigheann sé an t-earball i dteannta an chrainn, agus cuireann sé greim, leis na crúba beaga géara.

1929		Smólach ceoil
30		Cearc fraoigh
1932	9	Corra Eisg
	16	ceol
	19	Faoileán
		An smólach fhéin
1933	Eanar 18	Lon Abhann
	13	Sa Mám
	24	Ocras
1934		Corcán coille
	2	
	5	Éad faoi na h-éanacha
	6	Bartla Rua General Thompson
	12	glasóg shráide ag ceileabhar
	14	Cór éanacha
	17	Cé ndeanfaidh tú nead?